C/2026/3122

11.6.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3122)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Coteaux champenois'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A1364-AM05t 20.3.2026

1. **Ainm an táirge**

'Coteaux champenois'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

Ministère de l'Agriculture et de la Souveraineté Alimentaire [Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis] / Direction Générale de la performance économique et environnementale des entreprises [Ard-Stiúrthóireacht um Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Dá bhrí sin, ní mheastar gur leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143. Go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

(b) níl an baol dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Cineálacha fíniúna

Tuairisc

Faoi phointe 1 de Roinn V de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, cuireadh Chardonnay Rose le liosta na gcineálacha údaraithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cleachtais saothraithe eile

Tuairisc

Faoi phointe 2(c) de Roinn VI de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, cuireadh an riail atá ann faoi láthair in ionad an méid seo a leanas:

'Ceadaítear srianadh ceimiceach fiailí ar stiall nach mó ná 40 cm ar gach taobh de ró na bhfíniúnacha.'

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta

'Coteaux champenois'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A1364-AM05 — 20.3.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Coteaux champenois'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Saintréithe anailíseacha

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Is fíonta socra geala, fíonta *rosé* agus fíonta dearga atá iontu.

Bíonn dath dearg trédhearcach de dhéine éagsúil ar na fíonta dearga.

Bíonn dath éadrom ar na fíonta *rosé*, idir bándearg éadrom agus bándearg dorcha an bhradáin.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe torthaí dearga ar na fíonta dearga agus ar na fíonta *rosé* go ginearálta.

Bíonn nótaí aramatacha fíneálta de chineál bláthach, torthaíoch nó mianrach ar na fíonta geala.

Blas

Is fíonta an-éadrom agus fíneáilte iad na fíonta dearga agus na fíonta *rosé* sin, agus fágann siad blaiseadh síodúil sa bhéal.

Tá uigeacht na bhfíonta geala criostalta agus salanda, lena mbaineann mianracht láidir agus iarbhlas deas. Tugann a n-aigéadacht nádúrtha beocht áirithe dóibh.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	13
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Is é 9 % ar a laghad an neart alcóil nádúrtha de réir toirte a bhíonn ag an fíonta.

Tar éis aon saibhrithe, níor cheart a neart alcóil iomlán de réir toirte a bheith níos mó ná 13 %.

Tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) san fhíon nach mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir. Déantar coipeadh mal-lachtach ar na fíonta dearga. Tráth an phacáistithe, níor cheart do chion aigéid mhalaigh na bhfíonta dearga a bheith níos airde ná 0,4 gram in aghaidh an lítir. Ní mór don aigéadacht luaineach, aigéadacht iomlán agus dé-ocsaíd sulfair a bheith laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Dlús fíniúnacha – rialacha ginearálta

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Cuirtear na fíniúna ionas nach mbeidh an spásáil idir na línte níos mó ná 2 mhéadar. Bíonn an spásáil idir plandaí sa líne chéanna idir 0,70 agus 1,50 méadar. Níor cheart don spásáil idir línte agus an spásáil idir plandaí sa líne chéanna a bheith níos mó ná 3 mhéadar san iomlán. Toirmeasctar aon athrú a dhéanamh ar dháileachtaí talún a chuireann athrú ar bith ar an dlús plandaithe go dtí go ndéantar grafadh ar na dáileachtaí talún.

Cleachtas fíoneolaíoch

Dlús fíniúnacha – rialacha speisialta

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Ionas gur féidir le saininnealra dul ar aghaidh chuig dáileachtaí talún ag a bhfuil grádán fána níos mó ná 35 % nó grádán fána níos mó ná 25 % mar aon le grádán trasfhána níos mó ná 10 %, is féidir cosán, atá idir 1,50 agus 3 mhéadar ar leithead, a fhágáil saor ag minicíocht uasta ceann amháin as gach sé shraith. Sa chás sin, ní bheidh suim na spásála idir na línte eile agus na spásála idir plandaí sa líne chéanna níos mó ná 2,30 méadar.

Cleachtas fíoneolaíoch

Rialacha maidir le prúnáil

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Ní ceart forluí a bheith idir na fíniúnacha difriúla agus níor cheart go mbeadh gais toraidh ag bualadh faoina chéile. Níor cheart níos mó ná 18 mbachlóg a bheith ar gach méadar cearnach. Ní mór na fíniúnacha a phrúnáil sula dtarlaíonn an chéim feineolaíochta 'ceithre duilleoga oscailte' (céim F, nó céim 12 ar scála Lorenz). Ceadaítear na teicnící prúnála fíniúna seo a leanas: Prúnáil *Chablis*, prúnáil *Royat*, prúnáil *Vallée de la Marne*, prúnáil *Guyot* (singil, dúbailte agus neamhshiméadrach).

Cleachtas fíoneolaíoch

Buain

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

An modh saothraithe

Tuairisc

Ní cheadaítear cleachtais a choisceann buain na dtriopall fíonchaor ina n-iomláine. Ní mór na fíonchaora a iompar ina n-iomláine go dtí na saoráidí fíonóireachta.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní cheadaítear sliseanna adhmaid a úsáid. Toirmisctear an gualach fíoneolaíochta a úsáid agus fíonta *rosé* á ndéanamh, cibé acu leis féin nó measctha in ullmhúcháin. Cuirtear uasteorainn leis an méid faoina féidir toirt an úrfhíona fíonchaor a mhéadú sa phróiseas saibhrithe ag 1,12 % do gach méadú 1 % sa neart alcóil. Sa bhreis ar na forálacha thuas, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha uile na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Teorainn táirgeachta uasta

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	15 500
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Arbane B

— Chardonnay B

— Chardonnay Rose

— Meunier N

— Petit Meslier B

— Pinot Blanc B

— Pinot Gris G

— Pinot Noir N

— Voltis B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is ionann an limistéar geografach agus an limistéar a chumhdaíonn an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Champagne'.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Mionsonraí an limistéir gheografaigh

Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Is ionann an limistéar geografach agus an limistéar a chumhdaíonn an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Champagne'. Tá sé suite in oirthuaisceart na Fraince, agus leathnaíonn sé chuig bardais atá scaipthe thar ranna Aisne, Aube, Haute-Marne, Marne agus Seine-et-Marne.

Ach an oiread leis an limistéar geografach, is ionann na dáileachtaí talún a roghnaítear chun na fíonchaora a shaothrú agus na dáileachtaí talún sainithe le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Champagne'. Tá siad socraithe i measc na bhfíonghort ar thaobh na gcnoc ina luí ar struchtúir gheomoirfeolaíocha shuntasacha ar an taobh thoir d'Imchuach Pháras ar a dtugtar cuaiste:

— Côte d'Ile-de-France i roinn Marne agus fánaí na ngleannta nasctha, ón tuaisceart go dtí an deisceart, 'Montagne de Reims', 'Vallée de la Marne' (ag leathnú isteach i ndeisceart roinn Aisne agus in Seine-et-Marne), 'Côte des Blancs' agus 'Côte de Sézanne' arb iad sin na limistéir is mó a léiríonn na tréithe sin;

— Côte de Champagne, leis an limistéar 'Vitryat' i roinn Marne agus limistéar 'Montgueux' i roinn Aube;

— Côte des Bar, a bhfuil roinnt gleannta ag dul tríd, a chuimsíonn limistéar thoir 'Bar-sur-Aubois' agus limistéar thiar 'Bar Séquanais', agus a chuimsíonn na ranna Aube agus Haute-Marne.

Tá fánaí a bhfuil a n-aghaidh soir agus ó dheas acu le fáil ar an ngnáth-thalamh droma cuaiste sin, agus na gleannta in aice láimhe, agus bíonn fánaí ann a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh uaireanta freisin amhail na fánaí sa chuid ó thuaidh de 'Montagne de Reims' agus ar bhruach clé 'Vallée de la Marne'.

Tá scaireanna crua aolchloiche nó cailce sna fánaí tosaigh, agus is cailc, marla nó gainmheach atá sna cúlfhánaí atá níos boige, agus a d'fhág an creimeadh lom iad agus ansin cumhdaíodh iad arís le snaíochar ó fhána tosaigh na droma in aice láimhe.

Tá na fíonghoirt i limistéar fíonsaothrúcháin ó thuaidh, ar a bhfuil tionchar ag dhá aeráid dhifriúla:

— aeráid aigéanach a sholáthraíonn báisteach rialta, agus bíonn difríochtaí teoranta idir an teocht ó shéasúr go séasúr, agus

— aeráid ilchríochach, ina mbíonn sioc – uaireanta sioc an-trom – agus ansin tréimhsí gréine tairbheacha i rith an tsamhraidh.

Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc

Tá fíniúnacha á gcur i réigiún 'Champagne' ón gcianaois, agus bunaíodh i gceart iad sa naoú céad tar éis do na manaigh fíonóireacht a fhorbairt. Mar sin tugadh 'Vins de France' ar na fíonta sna Meánaoiseanna toisc gur táirgeadh in imchuach Pháras iad, ar theorainn an Eastáit Ríoga.

Go dtí an 18ú céad, ba limistéar é cúige Champagne inar táirgeadh fíonta dearga go príomha. De réir Pierre Galet, is mó a tháirgtí iadsan seachas mar a tháirgtí fíonta geala agus fíonta *rosé* (ar a tugadh 'paillets') sula bhfuarthas máistreacht ar an scil fíonta súilíneacha a tháirgeadh ag úsáid phróiseas an choipthe thánaistigh sa bhuidéal. Sa 19ú céad, d'fhás cáil fíonta súilíneacha Champagne, agus tháinig meath ar tháirgeadh na bhfíonta dearga. Níl ach cúpla fíon ar ardchaighdeán a tháirgtear in Montagne de Reims, Gleann Mór Marne agus Aube agus a bhfuil clú maith orthu i gcónaí.

Thug an Dlí an 22 Iúil 1927, faoinar forchoimeádadh an t-ainmniúchán 'Champagne' le haghaidh fíonta súilíneacha amháin, an t-ainmniúchán 'Vins originaires de la Champagne viticole' isteach, a athraíodh go 'Vins natures de Champagne' ó 1953 ar aghaidh. Athshlánaíodh na fíonta a bhuí le hiarrachtaí cúpla saothróir fíona a choinníonn traidisiún na 'vins natures' sin beo, tugadh an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Coteaux champenois' do na fíonta in 1974 tar éis ghlacadh an Dlí an 12 Nollaig 1973, lena dtoirmeasctar úsáid an ainmniúcháin 'vins natures de la Champagne'.

Ní tháirgtear fíonta atá faoi ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Coteaux champenois' ach amháin má bhíonn saintréithe na buaine oiriúnach do tháirgeadh fíonta socra. Athraíonn an táirgeacht dá bhrí sin.

Chun cleachtais chalaoiseacha ó fhíonta a aistrítear i mbulc a chosc, d'iarr na táirgeoirí go ndéanfaí Dlí an 23 Bealtaine 1977 a achtú, lena dtoirmeasctar fíonta a tháirgtear faoi ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Coteaux champenois' a iompar ar aon chaoi seachas i mbuidéil, cé is moite de ghluaiseachtaí idir oibreoirí áitiúla laistigh de réigiún fíona críochaithe Champagne.

Tá an táirgeadh á bhainistiú ag na heagraíochtaí proifisiúnta céanna agus iad sin a bunaíodh le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Champagne', is iad sin 'Syndicat Général des Vignerons de Champagne' (bunaithe in 1904) agus 'Union des Maisons de Champagne' (a bunaíodh in 1882), atá grúpáilte le chéile laistigh de 'Comité Interprofessionnel des Vins de Champagne' (bunaithe in 1941).

Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge

Na fíonta atá i gceist, is fíonta socra dearga, fíonta geala agus fíonta *rosé* iad, agus ainmnítear go minic iad le hainm an bhardais ina mbuantar na fíonchaora.

Bíonn dath dearg trédhearcach de dhéine éagsúil ar na fíonta dearga, agus bíonn dath éadrom ar na fíonta *rosé*, idir dath bándearg éadrom agus dath dorcha an bhradáin. Is fíonta an-éadrom agus fíneáilte iad na fíonta sin, a fhágann blaiseadh síodúil sa bhéal agus lena mbaineann dea-bholaithe torthaí dearga go ginearálta.

Tá uigeacht na bhfíonta geala criostalta agus salanda, lena mbaineann mianracht láidir agus iarbhlas deas. Tugann a n-aigéadacht nádúrtha beocht áirithe dóibh. Bíonn nósanna aramatacha fíneálta de chineál bláthach, torthaíoch nó mianrach acu. Tugann aosú boige don fhíon agus cuireann sé lena chothromaíocht blasanna.

Idirghníomhaíochtaí cúisíocha

Toisc go bhfuil na tírdhreacha a chruthaíonn na trí chuaiste, ar na machairí agus sna gleannta, chomh hoscailte agus sceirdiúil sin bíonn dóthain solais gréine ag na fíniúnacha chun go mbeadh na fíonchaora in ann aibiú i gceart, fiú sna fíonghoirt a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh. Ciallaíonn treoraíocht soir agus ó dheas na limistéar traidisiúnta ar a bhfuil an cháil is mó le haghaidh fíonta 'Coteaux champenois' a tháirgeadh go bhfaigheann na fíonghoirt an oiread solais agus is féidir san earrach agus san fhómhar chun na dálaí aeráide is fearr le haghaidh bhláthú na bhfíniúnacha agus aibiú na bhfíonchaor a chur ar fáil.

Coisceann an tírdhreach oscailte marbhántacht an aeir fhuair, rud a laghdaíonn an baol seaca. Fágann aeráid réigiún Champagne nach féidir le saothróirí fíona ach fíonchaora sláintiúla ó na blianta is séimhe a roghnú, áfach, agus iad roghnaithe ó na dáileachtaí talún is fearr agus ó sheanfhíniúnacha go príomha, agus nach mbuantar na fíonchaora go dtí go mbíonn siad aibí go hiomlán.

Áirithítear draenáil nádúrtha optamach le fána na bhfíonghort ar thaobh na gcnoc, agus le sraitheanna éagsúla na próifíle ithreach freisin lena rialaítear soláthar uisce na bhfíniúnacha. Baineann póiriúlacht agus tréscaoilteacht na cailce an farasbarr uisce más ann dó, agus áirithíonn na ribeadáin go ndéantar an ithir a ath-hiodráitiú nuair a bhíonn an aimsir tirim. Tá sraitheanna marla le fáil i measc na cineálacha bunsraithe eile sa limistéar, a sholáthraíonn cúltaisce uisce, mar aon le sraitheanna cailcreacha nó gaineamh carbónáite, a ligeann don uisce breise ó thréimhsí fliucha dul tríd an ithir. Bhí tionchar ag an gcineál fostrataim sin agus ag na dálaí aeráide séimhe ar rogha na gcineálacha fíniúna a chuirtear i réigiúin éagsúla an limistéir fíonsaothrúcháin.

Tugann dálaí aeráide uathúla réigiún Champagne aigéadacht nádúrtha do na fíonchaora agus do na fíonta ina dhiaidh sin, rud a chinneann cineál spleodrach an fhíona nuair a bhlaistear é, agus ina dtugtar faoi deara na nótaí mianracha atá ann mar gheall ar an bhfostratam.

Déantar na fíonta as fíonchaora dubha go minic atá, de réir Jules Guyot, níos frithsheasmhaí in aghaidh éifeacht an tseaca agus na báistí agus a théann in aibíocht níos luaithe. In 1822 mhaígh André Jullien go raibh '[na fíonta dearga] Verzy, Verzenay, Mailly, Saint-Basle, Bouzy agus Saint-Thierry i measc na bhfíonta is fearr sa Fhrainc nuair a tháirgtear i mblianta an-te agus tirime iad'.

Nuair a dhéantar na fíonta dearga nó na fíonta *rosé* trí mhaothú ar feadh tréimhsí éagsúla, sin é an bealach is fearr le dea-bholaithe chineálacha Pinot Noir N agus Meunier N a ghabháil agus forbairt na gcineálacha le linn coipthe a áirithiú. I gcás na bhfíonta geala, i gcomhréir le cleachtais i réigiún Champagne, is féidir dathú na súnna a dhéantar as fíonchaora dubha a sheachaint agus mar sin gléine an fhíona a ráthú ach a áirithiú go gcoinnítear na fíonchaora slán nuair a bhuantar iad agus go mbrúitear go réidh iad.

Na fíonta dearga ó chúige Champagne, a bhfuil an-tóir orthu go háirithe mar gheall ar fhíneáltacht nádúrtha a gcumhrachta, tá siad i measc na bhfíonta móra a chuirtí ar an mbord ag corónú ríthe na Fraince in Reims ó 1328 (Philippe de Valois). Bhíodh ríthe cumhachtacha na hEorpa ag fáil fíniúnacha i limistéar Montagne de Reims fiú, agus bhí fonn ar Anraí IV an teideal 'Tiarna Ay' a ghlacadh. Na blastóirí ag Cúirt Louis XIV, ar a bronnadh an teideal 'ordre des Coteaux' [Ord na bhFánaí], is iad a scaip clú agus cáil na bhfíonta sin: In 1671, thug Charles de Saint-Évremond comhairle do Chunta Olonne 'fíon Champagne a fháil gan beann ar chostas'. 'Níl aon chúige ann a sholáthraíonn fíonta níos fearr le haghaidh gach séasúir ná Champagne.'

Tá taifead ar an moltaí sin le fáil i roinnt mhaith doiciméad ón 17ú go dtí an 19ú céad. In 1822, thug André Jullien tuairisc ar fhíonta Champagne mar 'fíonta clúiteacha i measc na bhfíonta fíneálta is fearr sa Ríocht'. A bhuí le gairmiúlacht na dtáirgeoirí, maireann an cháil sin go dtí an lá inniu féin. Ní mór na fíonta sin a ól le meas agus le fiosracht stairiúil áirithe, gan dearmad a dhéanamh go dtéann siad siar go dtí an chianaois.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Ainm breise

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint seo, féadfar ainm aonaid gheografaigh níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll: - is ainm áite sa chlár talún é; - tá sé le feiceáil ar an dearbhú buaine. Ní fhéadfar ainm áite a shonrú ach amháin má thagann na fíonchaora uile a úsáidtear chun na fíonta a tháirgeadh ón áit atá i gceist.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Léiriú ar an gcineál fíniúna

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Féadfar an cineál fíonchaoire a lua i gcarachtair nach bhfuil níos mó ná 3 mm ar airde, ná níos mó ná 3 mm ar leithead, agus nach bhfuil níos mó ná leath de thomhas na gcarachtar a úsáidtear chun an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a léiriú. Ní fhéadfar cineál fíonchaoire ar leith a shonrú ach amháin más cuid den chineál sin na fíonchaora uile.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Pacáistiú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais breise/an mhaolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Leis an Dlí an 23 Bealtaine 1977 toirmeasctar fíonta a tháirgtear faoi ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Coteaux champenois’ a iompar idir oibreoirí áitiúla ar aon bhealach eile seachas i mbuidéil, cé is moite d’aistriú laistigh de réigiún fíona críochaithe Champagne. Tar éis aosaithe, cuirtear na fíonta ar an margadh le díol leis an tomhaltóir ón 15 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis bhliain na buaine.

Tagairt leictreonach (URL) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-d012f672-717a-4deb-a062-bfbdca83d46c